DÁN - UAIREANTA, LE BRIONY NÍ MHUIREAGÁIN

Uaireanta,
Nuair a bhím i mo chodladh go sámh,
Tarlaíonn sé.
Ceapaim gur
Rud beag craiceáilte,
Rud beag ait, ach
Rud beag iontach é.

Uaireanta,
Ó am go ham,
Nuair a bhím ag siúl síos an bóthar i m'aonar,
Tarlaíonn sé.
Ceapaim gur
Rud beag annamh,
Rud beag suimiúil, agus
Rud beag nádúrtha é.

Uaireanta,
Uair amháin gach cúpla seachtain,
Nuair a bhím ag caint le mo chara,
Tarlaíonn sé.
Ceapaim gur
Rud beag álainn é,
Rud beag compordach agus rud beag an-láidir ar fad é,
Nuair a thosaím ag smaoineamh
As Gaeilge.